



7




**AN CUR
CHUIGE
ROGHNAITHE –
LIMISTÉAR
STAIÉIR**

7.1 Réamheolas

Is é is cuspóir leis an gcuid seo den dréachtphlean PRAU-OLT scrúdú a dhéanamh ar gach Rogha Indéanta fhéideartha a d'fhéadfaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar an Riachtanas a sainaitníodh ar fud na 134 Crios Acmhainní Uisce (CAUnna) sa Réigiún. Féachtar le Próiseas na Forbartha Cur Chuige, atá leagtha amach i gCuid 8.3.7 den Chreatphlean, le Cur Chuige Roghnaithe a shainaitint chun aghaidh a thabhairt ar Riachtanas ar thrí leibhéal spásúla: CAUnna aonair, Leibhéal an Limistéir Staidéir, agus an Leibhéal Réigiúnach (Fíor 7.1). Is éard atá i gceist leis an bpróiseas sin comparáid a dhéanamh idir na Roghanna Indéanta ar gach Leibhéal, agus critéir shainithe á n-úsáid.

Tugtar faoi Phróiseas na Forbartha Cur Chuige go seicheamhach do gach CAU agus gach Limistéar Staidéir, sula bhféachtar ar chuir chuige chun aghaidh a thabhairt ar Riachtanas ar Leibhéal réigiúnach níos leithne. I gCuid 7 tabharfar breac-chuntas ar an dóigh a gcuirtear an próiseas i bhfeidhm ar Leibhéal an CAU agus an Limistéar Staidéir agus tugtar breac-chuntas i gCuid 8 ar fhorbairt an Chur Chuige Roghnaithe ar an Leibhéal Réigiúnach.



Fíor .7.1 Measúnú ar leibhéal spásúil

Leis an bpróiseas a leanaimid, atá bunaithe ar radharc ordlathach den Réigiún, is féidir linn, ní hamháin Riachtanas a réiteach ar fud na soláthairtí aonair, ach cuidíonn sé linn freisin tuiscint a fháil ar an acmhainn atá ann le haghaidh féidearthachtaí straitéiseacha do riachtanais chomhchoiteanna soláthair uisce ar fud Réigiún an Oirthir agus an Lár Tíre. Ciallaíonn an léargas iomlán sin nach mbreathnaítear ar gach CAU ina aonar a thuilleadh (rud a dhéantaí go stairiúil). Éascaítear leis freisin plan níos leithne a bhunú lena n-éascaítear comhtháthú na CAUanna, i gcásanna go n-aithnítear gurb é an comhtháthú sin an toradh is fearr. Tagann an cur chuige sin le dlínsí eile a bhfuil níos lú CAUnna acu agus cuideoidh sé le seirbhís soláthair uisce níos inbhuanaithe agus níos cost-éifeachtúla a sholáthar.

Sa Chuid seo:

- Déantar achoimre ar Phróiseas na Forbartha Cur Chuige atá curtha chun feidhme againn chun Cur Chuige Roghnaithe na Limistéar Staidéir a chinneadh (Cuid 7.2).

- Déantar cur síos ann ar Chur Chuige Roghnaithe na Limistéar Staidéir a d'fhorbraíomar chun aghaidh a thabhairt ar Riachtanas fadtéarmach laistigh de Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre agus cuirtear é sin i gcomparáid leis an gCur Chuige ar Leibhéal an CAU (Cuid 7.3 agus 7.4).
- Déantar achoimre ar an gCur Chuige Roghnaithe do gach Limistéar Staidéir (Cuid 7.5).
- Cuirtear i láthair na 'Réitigh Eatramhacha' atá sainaitheanta againn chun aghaidh a thabhairt ar Riachtanais ghearrthéarmacha laistigh de Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre (Cuid 7.6).
- Tugtar sonraí maidir le torthaí na hanailíse íogaireachta ar gach ceann de na Cuir Chuige Roghnaithe i leith athruithe ar an athrú aeráide, teorainneacha astarraingthe, spriocanna ligin agus réamh-mheastacháin fáis (Cuid 7.7).

7.2 Próiseas na Forbartha Cur Chuige

7.2.1 Catagóirí Cuir Chuige

Bunaítear leis an gCreatphlean Próiseas Forbartha Cur Chuige (Cuid 8.3.7) chun comparáid a dhéanamh idir Roghanna éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar Riachtanas laistigh de gach CAU agus gach Limistéar Staidéir, agus ar fud Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre ina iomláine. Tá an próiseas sin deartha chun an rogha a shainaitheant a fhreastalaíonn ar na hEasnamh a sainaitheant agus na torthaí foriomlána is fearr á soláthar nuair a mheastar iad i gcoinne réimse critéar.

Go sonrach, déantar measúnú i bPróiseas na Forbartha Cur Chuige sin ar an Rogha Indéanta faoi sé chatagóir shonracha um "Chur Chuige Cur Chuige". Is iad na catagóirí sin an ceann Is Lú Costas, MC is Fearr (Measúnacht Chúil is Fearr), an ceann Is Oiriúnaí don Timpeallacht, an ceann Is Lú Carbón agus an Seachadadh is Tapa. Roghnaíodh na Catagóirí Cur Chuige chun na PNAU a ailíniú leis na Beartais ábhartha uile ón Rialtas. Déantar achoimre ar na sé chatagóir, mar aon leis na spreagthaí beartais a ghabhann leo, i dTábla 7.1, agus tugtar míniú níos mionsonraithe orthu thíos.

Úsáidimid na Catagóirí Cur Chuige sin mar phointe tosaigh chun an rogha is fearr a fheidhmíonn chun freastal ar an Easnamh a chinneadh, i gcoibhneas le toradh áirithe. Mar shampla, is é a bheadh sa Chur Chuige "Is Lú Carbón" an rogha lena bhfreastalófaí ar an Easnamh agus a mbeadh an t-ualach carbóin cumhdaithe agus oibriúcháin is lú thar shaolré na rogha i gceist léi.

Tábla 7.1 An Raon Cineálacha Cur Chuige chun Rogha Indéanta a Thástáil

Cineálacha Chur Chuige Tástáilte	Cur Síos	Spreagthach Beartais
An Cur Chuige is Lú Costas	An Costas Glanluacha Láithrigh is Lú maidir le Costais Chaipitil, Costais Oibriúcháin, Costais Chomhshaoil agus Shóisialta agus Costais Charbóin	An Cód Caiteachais Phoiblí
Measúnacht Chúil Is Fearr (MC is Fearr)	An scór is ísle in aghaidh cheist fochritéar na Láithreán Eorpach (an Bhithéagsúlacht): Ciallaíonn 0 mar scór nach mbeidh aon tionchar suntasach dóchúil ann. Más amhlaidh, inár dtuairim, go gcomhlíonann na Roghanna a mbronntar 0 mar scór orthu na	An Treoir maidir le Gnáthóga

Cineálacha Chur Chuige Tástáilte	Cur Síos	Spreagthach Beartais
	<p>cuspóirí Easnaimh/cuspóirí an phlean, roghnaítear iad go huathoibríoch mar Chur Chuige Roghnaithe.</p> <p>Ciallaíonn -1 nó -2 mar scór gurb ann do thionchar dóchúil suntasach ar féidir aghaidh a thabhairt air le bearta ginearálta/caighdeánacha maolúcháin.</p> <p>Is ionann 'Scór = -3' agus ISDanna a d'fhéadfadh a bheith níos deacra a mhaolú nó ón dteastaíonn measúnú suntasach ar Leibhéal an Tionscadail.</p>	
Seachadadh is Tapa	<p>Bunaithe ar mheastachán ar an am a thógtar chun rogha a thabhairt i bhfeidhm (lena n-áirítear na gnáthfhaid le haghaidh indéantachta, toilithe, tógála agus coimisiúnaithe) arna sainaitheint le linn Chéim an Mhionscagtha.</p> <p>Baineann sé sin le hábhar go háirithe i gcás go bhféadfadh go mbeadh rogha ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist phráinneach Sláinte Poiblí.</p>	Oibleagáidí Reachtúla faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 agus faoi na Rialacháin maidir le hUisce Óil
An Cur Chuige lena ngabhann an Tionchar Comhshaoil is Fearr de réir na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta	Is é seo an rogha nó an meascán Roghanna ag a bhfuil an scór iomlán is airde ar fud na 19 gceist d'fhochritéir an Mheasúnaithe Ilchritéir den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta.	Treoir MST agus Creat-treoir Uisce
An Ceann is Dianseasmhaí	Is é seo an rogha nó an meascán Roghanna ag a bhfuil an scór iomlán is airde in aghaidh na gcritéir athléimneachta.	Plean Náisiúnta um Oiriúnú agus Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide
Carbón Is Ísle	Is é seo an rogha nó an meascán Roghanna lena ngabhann an costas carbóin corpraithe agus oibríochtúil is lú.	Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide

Cur Chuige Íoschostais

Cinntear an Cur Chuige is Lú Costas trí úsáid a bhaint as uirlis measúnachta Glanluacha Láithrigh (GLL) Uisce Éireann lena ndéantar amach cén rogha lena ngabhann an costas comparáideach GLL is lú, agus aird á tabhairt orthu seo a leanas: Costais Thimpeallachta agus Shóisialta, Costais Charbóin, Costais Chaipitil agus Costais Oibriúcháin. Baineann an uirlis mhéasúnaithe GLL úsáid as sraith dhian riachtanas agus tá sí teoranta ó thaobh na solúbthachta a chuireann sí ar fáil. Dá bhrí sin, i gcás go soláthraíonn líon Roghanna costais chomhchosúla GLL, agus i gcásanna áirithe, lena chinntiú nach

bhfágfar Roghanna ar bith dá leithéid as an áireamh ag an gcéim luath seo trí thagairt a dhéanamh do “chostas is ísle” amháin, chinn Uisce Éireann go bhfuil na Roghanna ar fad a bhfuil imeall costais GLL 5% leo incháilithe i bprionsabal mar rogha “Is Lú Costas”. Aithnítear sa chur chuige seo freisin cineál measúnachta deisce na measúnachta GLL augs go dtiocfaidh athrú ar na figiúirí ag céim an Tionscadail. Chun an Rogha aonair “is lú costas” a chinneadh i ngach cás ansin, chuir Uisce Éireann tosca níos leithne i bhfeidhm, lena n-áirítear cuspóirí MST agus Gnáthóg, mar chuid d’fheidhmiú an bhreithiúnais ghairmiúil aige dá bhforáiltear i gcuid 8.3.7.4 den Chreatphlean. Tá tuilleadh mionsonraí faoinár gcur chuige tugtha i gCuid 7.2.2 thíos. Cinntítear leis an gcur chuige sin chomh maith go mbeidh ár measúinthe ar Leibhéal an Phlean ag teacht le ceanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus an Chreata Náisiúnta um Oiriúnú.

An Cur Chuige Is Fearr um Measúnacht Chuí (MC Is Fearr)

Leis an gcur chuige MC Is Fearr déantar an breithniú is mó ar an Rogha nach mbaineann aon acmhainn léi le haghaidh tionchar (gan Iarmhairtí Suntasacha Dóchúla nó ISDanna) ar láithreáin Ainmnithe Eorpacha nó ar Rogha lena mbaineann ISDanna ar féidir tabhairt fúthu le bearta maolaithe ginearálta/caighdeánacha ar Leibhéal an Tionscadail. Is féidir a rá go dtugann sé sin le fios go mbreithnítear a mhéid is féidir Rogha leis an Tionchar is Lú ar Láithreáin Eorpacha chomh maith. Sa chur chuige sin, tugtar tús áite don tionchar ar láithreáin Eorpacha a sheachaint, agus á chur san áireamh gur baineadh cheana féin ag céim an Gharbhscagtha an Rogha sin ar dóigh dóibh tionchar suntasach a bheith acu, rud a d’fhéadfadh drochthionchar a imirt ar láithreán Eorpach.

Cur Chuige Seachadta is Tapa

Tá an cur chuige lena ngabhann an soláthar is tapa bunaithe ar an am measta a thógfar chun rogha a thabhairt i bhfeidhm (lena n-áirítear na gnáthfhaid le haghaidh indéantachta, toilithe, tógála agus coimisiúnaithe) arna sainaitheint le linn Chéim an Mhionscagtha. Cuirtear ar ár gcumas leis an gcur chuige seo barrfheabhsú féideartha a dhéanamh ar an gCur Chuige Roghnaithe tríd an am a thógfar chun rogha a thabhairt i bhfeidhm a íoslaghdú. D’fhéadfadh sé sin a bheith oiriúnach i CAU ina bhfuil saincheist chriticiúil maidir le cáilíocht uisce a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar shláinte phoiblí, mar d’aithneodh an cur chuige seo an rogha a d’fhéadfaí a sheachadadh sa chreat ama is giorra is féidir. Ós rud é nach dtugtar cistiú ná toiliú reachtúil d’aon tionscadal leis an bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce agus nach mór na Riachtanais atá sainaitheanta ar fud Réigiún an Oirthir agus an Lár Tíre a bhreithniú, ní dóigh go ndéanfaimis athrú ar chur chuige atá bunaithe ar an Seachadadh is Tapa, mura bhfuil spreagthach chriticiúil ann.

An Cur Chuige Is Fearr don Timpeallacht

Is é atá sa Chur Chuige lena ngabhann an tionchar comhshaoil is fearr a fheidhmiú sna 19 gcritéar measúnaithe sa Mheasúnú Ilchritéar atá bunaithe ar chuspóirí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta, arna measúnú mar chuid den mheasúnú Mionscagtha atá tuairiscithe i gCuid 8.3.5 den Chreatphlean. Suimítear scóir dhearfacha agus scóir dhiúltacha ar leithligh óna chéile. Tá sé mar chuspóir leis an gcur chuige seo a chinntiú go gcuirtear cuspóirí na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta chun tionchar féideartha a íoslaghdú san áireamh sa phróiseas um Rogha a Mheasúnú agus sa phróiseas um Chur Chuige a Roghnú. Maidir le gach rogha, déanaimid measúnú mionsonraithe ar scóráil AIC ar fud chritéir na measúnachta MST go léir, agus na scóir na suime diúltaí á n-úsáid. Chomh maith leis sin, athbhreithnímid an scóráil in aghaidh critéir aonair chun a shainaitheint cén áit a léiríonn an measúnú difríochtaí tábhachtacha idir Roghanna lena ndírítear ar Iarmhairtí féideartha oibriúcháin nó fadtéarmacha. Cinntíonn sé sin gur féidir linn fiúntas coibhneasta gach rogha a athbhreithniú. I gcás go mbíonn scór -3 faoi chritéir an MC is Fearr ag an meascán leis an scór timpeallachta is ísle, déanaimid

athbhreithniú ar na meascáin eile chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil meascán ar bith eile ann a bhfuil scór bithéagsúlachta -3 leo. Is é an cur chuige Is Fearr don Timpeallacht an meascán leis an scór timpeallachta is fearr a fheidhmíonn a bhfuil an líon is lú scór bithéagsúlachta -3 leis i gcoinne na gcritéir MC is Fearr.

Liostaítear i dTábla 8.6 den Chreatphlean na critéir, na fo-chritéir agus na ceisteanna a chuirtear i bhfeidhm agus an measúnú AIC á dhéanamh.

Cur Chuige Is Athléimní

Is é an Cur Chuige is Athléimní an rogha leis na scóir is airde ó na ceithre cheist scagtha AIC (féach Tábla 8.6 den Chreatphlean) a bhaineann le critéir athléimneachta. Tá an cur chuige seo ag teacht leis an gcuspóir atá ag an bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce maidir le soláthar uisce slán sábháilte a chinntiú sa ghearrthearma, sa mheántearma agus san fhadtearma.

Cur Chuige Íoscharbóin

Is é an Cur Chuige Is Lú Carbón an rogha leis na costais charbóin cumhdaithe agus oibriúcháin is ísle. Tá an cur chuige seo ailínithe le beartais laghdaithe carbóin Uiscí na hÉireann agus leis an gCreatphlean Náisiúnta um Oiriúnú (CNO)¹ maidir le hathrú aeráide.

7.2.2 Rangú agus Breithmheas Cur Chuige

Cuirtear an modh ESÉC (an Eacnamaíocht a bhaineann le Soláthar agus Éileamh a Chothromú) i bhfeidhm chun an Rogha a rangú in ord an chostais GLL is ísle agus is airde agus maidir lena scóir AIC is infheidhme maidir leis na sé Chatagóir Cur Chuige. Leis an modh ESÉC dearbhaítear an meascán Roghanna is fearr chun aghaidh a thabhairt ar an Riachtanas amach anseo, ag soláthar cothromaíochta thar réimse na gcuspóirí PNAU agus MST atá achoimrithe thuas. Tá tuilleadh eolais leis an modh ESÉC léirithe i gCuid 8.3.7 den Chreatphlean.

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé go mbainfeadh Rogha lena bhfuil scóir chomhchosúla, cé nach bhfuil díreach cosúil lena chéile, amach laistigh de Chatagóir Cur Chuige. Sna cúinsí sin, lena chinntiú nach ndéanfar Rogha is fearr a fheidhmíonn ar an iomlán a eisiáimh ó phróiseas na forbartha cur chuige, féachann Uisce Éireann go grinn ar an meascán lena mheas cé acu de na Roghanna inchomparáide sin a rangófar mar an cur chuige “Roghnaithe” laistigh de gach catagóir. Go sonrach, déanann Uisce Éireann a mheas an mbaineann an rogha nó an meascán Rogha cuspóirí MST agus Gnáthóg amach mar atá leagtha amach sa Chreatphlean. Is sampla é sin de chás ina bhfuil feidhmiú an bhreithiúnais ghairmiúil ó na foirne ildisciplíneacha atá aitheanta in alt 8.3.7.4 den Chreatphlean riachtanach.

Ansin, cuirimid an Rogha is fearr ó thaobh feidhmíochta de arna sainathint le haghaidh gach ceann de na sé Chatagóir Cur Chuige (an Cur Chuige is Lú Costas, Cur Chuige an MC is Fearr, an Cur Chuige is Lú Carbón, etc.) i gcomparáid lena chéile ansin chun teacht ar Chur Chuige Roghnaithe a chomhlíonann cuspóirí an Chreatphlean agus a thagann le Beartas uile ábhartha an Rialtais. Tugtar breac-chuntas ar an bpróiseas comparáide sin i bhFíor 7.2.

CÉIM 0 MC is Fearr	Más rud é gurb ann do rogha lena gcomhlíontar Cuspóir an Phlean agus go measúnaítear nach bhfuil aon tionchar féideartha aici ar Láithreán Eorpach (bunaithe ar mheasúnacht deisce), glacfar an rogha go huathoibríoch mar Chur Chuige Roghnaithe.
CÉIM 1 An Ceann is Lú Costas	Cuir an Cur Chuige is Lú Costas i gcomparáid leis an gCur Chuige lena ngabhann an Mheasúnacht Chuí is Fearr , agus breithnigh arís é ag Céim 6.
CÉIM 2 Seachadadh is Tapa	Cuir an Cur Chuige is Lú Costas i gcomparáid leis an gCur Chuige lena ngabhann an Soláthar is Tapa, agus forbair Cur Chuige Modhnaithe más cuí.
CÉIM 3 An Ceann Is Fearr don Timpeallacht	Cuir an Cur Chuige is Lú Costas nó an Cu Chuige Modhnaithe i gcomparáid leis an gCur Chuige lena ngabhann an Tionchar Comhshaoil is Fearr, agus modhnaigh an cur chuige más cuí .
CÉIM 4 An Ceann is Athléimní	Cuir an Cur Chuige is Lú Costas nó an Cur Chuige Modhnaithe i gcomparáid leis an gCur Chuige is Athléimní.
CÉIM 5 An Ceann is Lú Carbón	Cuir an Cur Chuige is Lú Costas nó an Cur Chuige Modhnaithe i gcomparáid leis an gCur Chuige is Lú Carbón .
CÉIM 6 Comparáid idir Cuir Chuige	Cuir an t-aschur ó Chéimeanna 1 go 5 i gcomparáid leis na nithe seo: <ul style="list-style-type: none"> •Torthaí riachtanacha ón Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta •Torthaí ó Oiriúnú Earnála •Torthaí ón gCód Caiteachais Phoiblí •Na torthaí is fearr ón Measúnacht Chuí
CÉIM 7 Cur Chuige Roghnaithe	Bain úsáid as Céimeanna 0 go 6 chun an Cur Chuige Roghnaithe a Roghnú.

Fíor 7.2 Próiseas Forbartha Cur Chuige Seacht gCéim

Cuirtear Próiseas na Forbartha Cur Chuige i gcrích trí mheascán de cheardlanna idirghníomhacha atá tacaithe ag próiseas um rannpháirtíocht agus idirphlé leanúnach idir saineolaithe teicniúla, lena n-áirítear Innealtóirí, Hidreolaithe, Hidrigeolaithe, Éiceolaithe agus Eolaithe Timpeallachta a oibríonn go díreach ar fhorbairt an Chur Chuige.

Na cheart a thabhairt faoi deara nach é an toradh atá ar an gCur Chuige Roghnaithe ar Leibhéal an Phlean go dtugtar aon toiliú le tionscadal a fhorbairt ná go gcuirtear cosc ar Rogha eile a bhreithníú ina dhiaidh sin ar Leibhéal an Tionscadail. Is measúnuithe deisce agus measúnuithe ar Leibhéal an phlean iad na measúnuithe uile ag an gcéim sin. Breithnítear an tionchar comhshaoil agus costáil tionscadal tuilleadh ar Leibhéal an Tionscadail, áit a mbeidh sé riachtanach roghanna malartacha a bhreithníú mar chuid de phróiseas na Measúnachta Tionchair Timpeallachta ar an ngnáthbhealach. Ní thugtar aon toiliú reachtúil ná toiliú cistiúcháin trí aon rogha a chur san áireamh sa PNAU. I gcás aon tionscadal a

chuirfear ar aghaidh agus an plean seo á úsáid mar Chur Chuige Roghnaithe sna Pleananna Réigiúnacha, beidh gá le measúnachtaí timpeallachta aonair, lena n-áirítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Chuí (de réir mar is gá), mar thacaíocht d'iarraais phleanála (i gcás go bhfuil cead pleanála ag teastáil do thionscadal) nó mar thacaíocht d'iarraais ar cheadúnú (mar shampla, le haghaidh astarraingtí nua).

Mar a míníodh i gCuid 6, d'fhéadfadh aistriú uisce ó lasmuigh den CAU nó den Limistéar Staidéir a bheith i gceist leis an Rogha chun easnamh a réiteach. Braithfidh an limistéar foinse indéanta ar mhéid lárionad an éilimh. Is gnách nach mbíonn sé indéanta Rogha a fhorbairt lena dteastaíonn go n-aistrefar méideanna beaga uisce thar achar cúig (5) chiliméadar nó níos mó, mar gheall ar fadhbanna féideartha maidir le cáilíocht an uisce a bhaineann le haistrithe den sórt sin.

Tá trí shraith i bPróiseas na Forbartha Cur Chuige. Tosaímid ar dtús le Leibhéal an CAU agus ansin cuirimid an próiseas i bhfeidhm go seicheamhach ar gach Limistéar Staidéir agus ansin ar an Réigiún mar a leanas:

Céim 1 – Déanaimid measúnú aonair ar an CAU chun Cur Chuige Roghnaithe tosaigh a fhorbairt, an cur chuige Roghnaithe ar leibhéal an CAU - le haghaidh na soláthairtí ar fad sa Limistéar Staidéir

Céim 2 – Déanaimid measúnú ar Rogha níos mó a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun Easnaimh a réiteach thar CAUanna éagsúla atá laistigh den Limistéar Staidéir céanna. Forbraímid meascáin ansin de na Roghanna seo (Meascáin LS).

Céim 3 – Déanaimid measúnú ar na Meascáin LS agus ar an gcur chuige ar Leibhéal an CAU chun an meascán is fearr ó thaobh feidhmíochta de a dheimhniú sna sé Chatagóir Cur Chuige. Tugtar an Cur Chuige Roghnaithe ar Leibhéal LS air seo. Leagamar amach thíos an próiseas chun an Cur Chuige Roghnaithe le haghaidh leibhéal an CAU agus agus Leibhéal an Limistéir Staidéir a shainaitheint, agus tugtar breac-chuntas i gCuid 8 ar an dóigh a ndéantar é sin ar an Leibhéal Réigiúnach.

7.2.3 Céim 1 - Cur Chuige Leibhéal CAU

7.2.3.1 Raon Cineálacha Cur Chuige a Thástáil - Leibhéal an CAU

Is é cuspóir an PNAU iniúchadh a dhéanamh ar gach Rogha fhéideartha a d'fhéadfaí a úsáid chun an Riachtanas laistigh den CAU a réiteach (Rogha Neamhshrianta) agus ansin na cinn a dhíbirt nach bhfuil indéanta nó ar féidir fadhbanna timpeallachta a aithint ina leith ar leibhéal deisce (scagadh measúnaithe Rogha). Tá sé sin leagtha amach i gCuid 6.

Déantar na 119 Rogha Indéanta atá fágtha a chatagóiriú mar Rogha a dhéanann an Riachtanas le haghaidh aon CAU amháin a réiteach (“roghanna CAU”), agus mar Rogha a dhéanann an Riachtanas le haghaidh níos mó ná CAU amháin a réiteach (“Rogha Limistéir Staidéir”). Chun sin a léiriú tugtar forléargas i dTábla 7.2 ar líon na Roghanna CAU agus na Roghanna Limistéir Staidéir le haghaidh na 13 CAU i Limistéar Staidéir 4.

Tábla 7.2 LS4 – Cineálacha Roghanna

Crios Acmhainní Uisce	Cineál Rogha	
	Rogha CAU	Rogha Limistéir Staidéir
An Ardcharraig - Clochar an Cheo	1	1
Baile Eanaigh	6	2
Baile Uí Mhatháin	6	4
Eastát Tithíochta Chluain Ard/Abbeyfields	2	3
Cluain Bolg	1	1
Cluain Dubh	1	0
An Daingean	1	2
Éadan Doire agus Ród	5	2
SU an Bhóthair Bhuí	4	3
Géisill	2	1
SU Mhaigh Dearnhaí	2	3
An Muileann gCearr Réigiúnach	10	8
Oileán an Bhreatnaigh	1	2

Mar atá leagtha amach tuilleadh in Aguisíní Teicniúla na Limistéar Staidéir 1-9, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionscadail aonair nó iomadúla i gceist leis an Roghanna Indéanta chun an Riachtanas ar Leibhéal an CAU agus Leibhéal an Limistéir Staidéir a réiteach, a mbeidh a ndul chun cinn faoi réir srianta buiséadacha agus rialála.

Is é an chéad chéim eile d'Uisce Éireann measúnú a dhéanamh ar an Rogha Indéanta do gach CAU agus sainiú an rogha is fearr a fheidhmíonn laistigh de gach ceann de na sé Chatagóir Cur Chuige don CAU ábhartha.

Le húsáid as CAU Bhaile Eanaigh a léiriú, mar atá le feiceáil i dTábla 7.2 tá sé (6) Rogha CAU fhéideartha ann don CAU sin. Tá tuilleadh mionsonraí faoi na Roghanna CAU tugtha i dTábla 7.3. Bhaineamar úsáid as an uirlis ESÉC chun an Rogha CAU a rangú i gcoinne na sé Chatagóir Cur Chuige arna leagan amach i dTábla 7.3, agus ansin cinneann Uisce Éireann cén rogha a sholáthraíonn an toradh is fearr i ngach catagóir (e.g. Is Lú Costas Lú, MC is Fearr, srl). Mar atá leagtha amach sa sampla thíos, soláthraítear le Rogha LS4-05, an toradh is fearr faoi thrí Chatagóir Cur Chuige, is é sin an MC is fearr (bithéagsúlacht), an MST is Fearr (timpeallacht fhoriomlán), agus an ceann is Lú Carbón. I ndáil leis na na Catagóirí Cur Chuige eile, rangáítear LS4-08 mar an ceann is fearr don Seachadadh is Tapa agus LS4-09 mar an ceann is fearr don ceann Is Lú Costas agus don cheann is Athléimní.

Tábla 7.3 LS4, Rogha CAU Bhaile Eanaigh

Ainm an Chrios Acmhainní Uisce	Rogha Indéanta LS4			Forbairt					
	Líon na Roghan na CAU	Cód Rogha	Cur Síos ar Rogha	An Costas is Lú	Seachadadh is Tapa	MC is Fearr	Is Oiriúnaí don Timpeallacht	Carbón Is Ísle	An Ceann is Dianseasmhaí
Baile Eanaigh	6	LS4-04	Astarraingt UD nua ó Loch Síleann	-	-	-	-	-	-
		LS4-05	Cuid de Bhaile Eanaigh a sholáthar ó ICU Cheanannais/an tSeanchaisleáin (Co. na Mí)	-	-	✓	✓	✓	-
		LS4-06	Cuid de Bhaile Eanaigh a sholáthar ó Bhaile Átha Buí (Co. na Mí)	-	-	-	-	-	-
		LS4-07	Cuid de Bhaile Eanaigh a sholáthar ó SUP Choill an Chollaigh (Co. an Chabháin)	-	-	-	-	-	-
		LS4-08	Cuid de Bhaile Eanaigh a sholáthar ó SUP Loch Cinnéile (Co an Longfoirt)	-	✓	-	-	-	-
		LS4-09	Baile Eanaigh a sholáthar ó Scéim Ghrúpuisce Mhuilte Farannáin in aice láimhe	✓	-	-	-	-	✓

Cuirtear an próiseas thuas i gcrích maidir le gach ceann de na 134 CAU ar fud na naoi (9) Limistéar Staidéir laistigh de Réigiún an Oirthir agus an Lár Tíre. Tá taifead den anailís sin leagtha amach sa Tuarascáil Theicniúil do gach ceann de na Limistéir Staidéir (Aguisíní 1-9).

7.2.3.2 Measúnacht Chur Chuige - Leibhéal an CAU

Nuair a shaináithníonn Uisce Éireann an Rogha lena bhfuil na torthaí is fearr laistigh de gach ceann de na Catagóirí Cur Chuige, tugtar an Rogha sin trí Phróiseas na Forbartha Cur Chuige, mar atá leagtha amach i bhFíor 7.2 thuas. Mar a luadh cheana, leis an bpróiseas sin is féidir linn comparáid a dhéanamh idir na cuir chuige a rangáíodh mar na cinn is fearr laistigh de gach catagóir ar Leibhéal an CAU i gcoibhneas lena chéile, chun an rogha a sholáthraíonn an réiteach foriomlán is fearr don CAU sin a roghnú.

Mar shampla, i gcás CAU Bhaile Eanaigh, chuathas tríd an bpróiseas 7 gcéim a chuirtear i láthair i bhFíor 7.3.

CÉIM 0 MC is Fearr	Ní mheastar go mbeidh aon tionchar féideartha ag roghanna ar bith ar Láithreán Eorpach (bunaithe ar mheasúnacht deisce). Téigh go dtí an próiseas 7 gcéim.
CÉIM 1 An Ceann is Lú Costas	Chuireamar an Cur Chuige is Lú Costas i gcomparáid leis an gCur Chuige MC is Fearr. Cé go bhfuil scór bithéagsúlachta -3 leis an gCur Chuige is Lú Costas, ní mheastar go bhfuil Cuir Chuige ar bith eile ann a mbeidh tionchar féideartha ar bith acu ar an Láithreán Eorpach. Coimeádadh Cur Chuige an Chostais is Lú dá réir sin, ag an gcéim seo.
CÉIM 2 Seachadadh is Tapa	Chuireamar Cur Chuige an tSeachadta is Tapa i gcomparáid leis an gCur Chuige is Lú Costas. Ní sholáthraíonn Cur Chuige an tSeachadta is Tapa scóir atá i bhfad níos airde i gcomparáid le critéir an tSeachadta is Tapa agus cé go bhfeidhmíonn sé níos fearr i gcoinne na gCritéar Timpeallachta baineann costais charbóin níos airde leis. Coimeádadh Cur Chuige an Chostais is Lú dá réir sin, ag an gcéim seo.
CÉIM 3 An Ceann Is Fearr don Timpeallacht	Chuireamar an Cur Chuige is Lú Costas i gcomparáid leis an gCur Chuige is Fearr don Timpeallacht. Cé nár fheidhmigh an Cur Chuige Is Fearr don Timpeallacht i bhfad níos fearr i gcoinne na gcritéar timpeallachta, níl raibh scór -3 don bhithéagsúlacht leis agus níl sé i bhfad níos costasaí. Dá réir sin, tugadh an Cur Chuige Is Fearr don Timpeallacht ar aghaidh ag an bpointe seo.
CÉIM 4 An Ceann is Athléimní	Chuireamar an Cur Chuige is Fearr don Timpeallacht i gcomparáid leis an gCur Chuige is Athléimní. Is é an cur chuige is Athléimní an Cur Chuige is Lú Costas. Ní sholáthraíonn sé scóir i bhfad níos fearr i gcoinne na gcritéar athléimneachta agus tá scór -3 don bhithéagsúlacht leis. Coimeádadh an Cur Chuige Is Fearr don Timpeallacht dá réir sin lena athmheasúnú ag an gcéim seo.
CÉIM 5 An Ceann is Lú Carbón	Chuireamar an Cur Chuige is Fearr don Timpeallacht i gcomparáid leis an gCur Chuige is Lú Carbón. Is é an Cur Chuige is Fearr don Timpeallacht an Cur Chuige is Lú Carbón. Coimeádadh an Cur Chuige Is Fearr don Timpeallacht dá réir sin lena athmheasúnú ag an gcéim seo.
CÉIM 6 Comparáid idir Cuir Chuige	Rinneadh measúnú deiridh ar an gCur Chuige is Fearr don Timpeallacht i gcomparáid leis an gCur Chuige Is Lú Carbón, Chur Chuige an MC is Fearr, an Chur Chuige is Fearr don Timpeallacht agus an Chur Chuige Is Athléimní. Is é an Cur Chuige is Fearr don Timpeallacht an Cur Chuige MC is Fearr agus an Cur Chuige is Lú Carbón agus níl scóir shuntasacha níos ísle aige i dtaca leis na critéir eile ar fad. Coimeádadh an Cur Chuige Is Fearr don Timpeallacht dá réir sin lena athmheasúnú ag an gcéim seo.
CÉIM 7 Cur Chuige Roghnaithe	Roghnaíodh Cur Chuige is Fearr don Timpeallacht dá réir sin mar an Cur Chuige Roghnaithe don Chrios Acmhainní Uisce.

Fíor 7.3 Cur Chuige Roghnaithe ar Leibhéal an CAU a Fhorbairt – LS4, CAU Bhaile Eanaigh

Mar a luadh thuas cuireadh an próiseas sin i gcrích trí mheascán de cheardlanna idirghníomhacha atá tacaíthe ag próiseas um rannpháirtíocht agus idirphlé leanúnach idir saineolaithe teicniúla, lena n-áirítear Innealtóirí, Hidreolaithe, Hidrigeolaithe, Éiceolaithe agus Eolaithe Timpeallachta.

7.2.3.3 Rogha Cur Chuige Roghnaithe – Cur Chuige ar Leibhéal an CAU

Leanaimid an próiseas céanna seo do na CAUnna laistigh de gach Limistéar Staidéir, go dtí go mbeidh an Cur Chuige Roghnaithe tosaigh againn do gach CAU laistigh de gach ceann de na naoi (9) Limistéar Staidéir i Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre.

Nuair a bhaineann sé measúnú ar Leibhéal an Limistéir Staidéir, cuirfear an Cur Chuige Roghnaithe CAU aonair le chéile chun críocha measúnaithe agus tagrófar dóibh mar **Chur Chuige ar Leibhéal an CAU**. Is é an Cur Chuige ar Leibhéal an CAU an meascán de gach Cur Chuige Roghnaithe CAU aonair a fhreastalóidh le chéile ar an Riachtanas don Limistéar Staidéir ar fad (cé go ndéanfaidh sé amhlaidh de réir an CAU).

Tugtar achoimre déanta ar chur chuige ar Leibhéal an CAU do LS4 i dTábla 7.4. Taispeánann sé sin an meascán den Chur Chuige Roghnaithe CAU sa Limistéar Staidéir agus a n-ailíniú leis na sé Chatagóir Cur Chuige mar a chinntear trí chur i bhfeidhm an phróisis 7 gcéim ar gach CAU.

Mar atá le feiceáil ón tábla, is foinse ó Limistéar Staidéir eile é an Cur Chuige Roghnaithe do dhá (2) cheann de na trí CAU déag (13) – tá nasc ó Fhoinse Nua na Sionainne (FNS) (aistriú ó Abhantrach an Phairtín go dtí MBÁC) i gceist leis an Muileann gCearr Réigiúnach agus tá an Bóthar Buí cuíchóirithe le Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath (MBÁC). Rogha áitiúil is ea an Cur Chuige Roghnaithe do na CAUnna eile, i.e. soláthairtí ó laistigh den Limistéar Staidéir céanna. Is ionann soláthairtí áitiúla ón limistéar staidéir céanna agus thart ar 90% den Chur Chuige Roghnaithe ar Leibhéal an CAU ar fud Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre.

Go stairiúil, is é seo an bealach a bhíodh soláthairtí uisce á n-oibriú in Éirinn. Mar thoradh ar shrianta geografacha ar sholáthairtí tá córas ina bhfuil líon suntasach soláthairtí scoite, nach bhfuil chomh athléimneach agus atá soláthairtí láraithe níos mó.

Ar an gcúis sin, féachann Uisce Éireann ar réitigh le haghaidh CAU ar Leibhéal Limistéir Staidéir níos leithne lena fháil amach an bhfuil imthosca ann, trína bhféadfadh soláthar níos mó agus níos athléimní a bheith ar fáil chun freastal ar an riachtanas áitiúil

Tá achoimre ar Chéim 1 an phróisis i bhFíor 1.

Tábla 7.4 Cur Chuige Leibhéal LS4 CAU – Toradh an Mheasúnaithe

Ainm an Chrios Acmhainní Uisce	Rogha Fhéideartha LS4 Thiobraid Árann Thuaidh		Forbairt							
	Cód Rogha	Cur Síos ar Rogha	Gan MC	An Costas is Lú	Seachadadh is Tapa	MC is Fearr	Is Oiriúnaí don Timpeallacht	Carbón Is Ísle	An Ceann is Dianseasmhaí	Cur Chuige Tosaíochta
Baile Eanaigh	LS4-05	Cuid de Bhaile Eanaigh a sholáthar ó ICU Cheanannais/an tSeanchaisleáin (Co. na Mí)	-	-	-	✓	✓	✓	-	✓
Baile Uí Mhatháin	LS4-12	Astarrangt UD a mhéadú ón Eithne	-	-	-	✓	✓	✓	-	✓
An Muileann gCearr Réigiúnach	LS4-36d	Nasc nua ó FNS leis an Muileann gCearr Réigiúnach	-	✓	-	-	-	-	✓	✓
Eastát Tithíochta Chluain Ard/Abbeyfields	LS4-47	Astarrangt SU a mhéadú chun soláthar a chur ar fáil d'Easnamh.	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
SU Mhaigh Dearmhaí	LS4-49	SU nua i Maigh Dearmhaí - uiscíoch gairbhéil a bhfuil tábhacht áitiúil ag baint leis	-	-	-	✓	✓	✓	-	✓
SU an Bhóthair Bhuí	LS4-54	Cuíchóiriú ar CAU an Bhóthair Bhuí go MBÁC (Ceangal Chill Choca)	-	✓	✓	✓	-	✓	✓	✓
An Ardcharraig - Clochar an Cheo	LS4-59	Astarrangt SU a mhéadú ag an Ardcharraig - Cloch an Rince	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Géisill	LS4-62	Astarrangt nua SU i nGéisill	-	-	-	-	✓	✓	-	✓
Éadan Doire agus Ród	LS4-65b	Foinse nua SU chun CAU Éadan Doire agus Róid a sholáthar (limistéar screamhuisce Bhaile Átha Troim; limistéar	-	-	✓	✓	✓	-	-	✓

Ainm an Chrios Acmhainní Uisce	Rogha Fhéideartha LS4 Thiobraid Árann Thuaidh		Forbairt					Cur Chuige Tosaíochta	
	Cód Rogha	Cur Síos ar Rogha	Gan MC	An Costas is Lú	Seachacadh is Tapa	MC is Fearr	Is Oiriúnaí don Timpeallacht		Carbón Is Ísle
		screamhuisce gairbhéal Chill Rátha Muirígh - fad thart ar 3km; tá príomhphíobán uisce nua ag teastáil).							
Cluain Bolg	LS4-98	Gan Easnamh - níl ach uasghrádú CU ag teastáil	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Cluain Dubh	LS4-99	Gan Easnamh - níl ach uasghrádú CU ag teastáil	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Daingean	LS4-100	Gan Easnamh - níl ach uasghrádú CU ag teastáil	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Oileán an Bhreatnaigh	LS4-101	Gan Easnamh - níl ach uasghrádú CU ag teastáil	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓

Céim 1

Cur Chuige Roghnaithe ar Leibhéal CAU a Fhorbairt




Fíor 7.4 Forbairt Chur Chuige Roghnaithe Céim 1

7.2.4 Céim 2 - Meascán Limistéar Staidéir

Mar a leagtar amach i gCuid 6, tá trí chineál Rogha sa PNAU:

- Rogha CAU – Rogha ina dtugtar aghaidh ar riachtanas i CAU amháin
- Rogha LS – rogha ar féidir léi freastal ar riachtanais ar fud CAUnna iomadúla i Limistéar Staidéir
- Rogha Réigiúnach – Rogha ar féidir léi freastal ar riachtanais i CAUnna iomadúla i Limistéar Staidéir iomadúla

Dá réir sin, a luaithe a shaináithnítear an Cur Chuige Roghnaithe do gach ceann de na CAUnna aonair, is é an chéad chéim eile an Cur Chuige Roghnaithe foriomlán a chinneadh do gach ceann de na naoi (9) Limistéar Staidéir i Réigiún an Oirthir agus an Lár Tíre. Chun an toradh sin a bhaint amach, saináithnímid an "Rogha Limistéar Staidéir", ar Rogha í mar a luadh thuas ar féidir leo aghaidh a thabhairt ar Riachtanas i níos mó ná CAU amháin. Forbraíodh Uisce Éireann meascáin éagsúla ansin ina bhfuil Rogha Limistéar Staidéir agus Rogha CAU chun soláthar a chur ar fáil don Limistéar Staidéir ar fad. Tugtar "Meascáin LS" orthu sin. Tá achoimre ar Chéim 2 an phróisis i bhFíor 7.5.



Fíor 7.5 Forbairt Chur Chuige Roghnaithe Céim 2

Mar atá luaite thuas, i gcás gach Limistéar Staidéir, beidh ceann de na Meascáin LS mar an Cur Chuige ar Leibhéal an CAU i gcónaí, ar é an meascán foriomlán de gach Cur Chuige Roghnaithe CAU istigh den Limistéar Staidéir ábhartha mar atá luaite thuas. I dTábla 7.5 léirímid sampla de siin maidir le Limistéar Staidéir 3.

Arís, cé go gcuirtear i láthair mar mheascán Rogha chun freastal ar riachtanas áirithe, beidh gach tionscadal faoi réir a shrianta buiséadacha agus rialála féin.

Tábla 7.5 Cur Chuige Leibhéal LS3 CAU – Toradh an Mheasúnaithe

Eochair An Cur Chuige ar Leibhéal an CAU Rogha Ghrúpáilte LS 16

CAU	An Cur Chuige ar Leibhéal CAU	Meascán LS 1 (rogha grúpáilte LS 3)	Meascán LS 2 (Rogha ghrúpáilte LS 4)	Meascán LS 3 (Rogha ghrúpáilte LS 7)	Meascán LS 4 (rogha grúpáilte LS 8)	Meascán LS 5 (Rogha grúpáilte LS 9)	Meascán LS 6 (Rogha grúpáilte LS 10)	Meascán LS 7 (Rogha ghrúpáilte LS 16)	Meascán LS 8 (Rogha ghrúpáilte LS 17)	Meascán LS 9 (Rogha ghrúpáilte LS 20)	Meascán LS 10 (Rogha ghrúpáilte LS 22)	Meascán LS 11 (Rogha grúpáilte LS 22b)	Meascán LS 12 (Rogha ghrúpáilte LS 23)	Meascán LS 13 (Rogha Ghrúpáilte LS 8 agus 16)
Baile Átha Buí	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
SRSU Choill an Chollaigh	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>
Baile Íomhair	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Ceannanas Mór - an Seanchaisleán	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Cill Mheasáin	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Maigh nEalta	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>
Navan-Midmeath	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Baile Shláine	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>
Lú Theas agus an Mhí Thoir	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

CAU	An Cur Chuige ar Leibhéal CAU	Meascán LS 1 (rogha grúpáilte LS 3)	Meascán LS 2 (Rogha ghrúpáilte LS 4)	Meascán LS 3 (Rogha ghrúpáilte LS 7)	Meascán LS 4 (rogha grúpáilte LS 8)	Meascán LS 5 (Rogha grúpáilte LS 9)	Meascán LS 6 (Rogha grúpáilte LS 10)	Meascán LS 7 (Rogha ghrúpáilte LS 16)	Meascán LS 8 (Rogha ghrúpáilte LS 17)	Meascán LS 9 (Rogha ghrúpáilte LS 20)	Meascán LS 10 (Rogha ghrúpáilte LS 22)	Meascán LS 11 (Rogha grúpáilte LS 22b)	Meascán LS 12 (Rogha ghrúpáilte LS 23)	Meascán LS 13 (Rogha Ghrúpáilte LS 8 agus 16)
Scoil Náisiúnta Naomh Louis, Ráth Cheannaigh	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
Baile Átha Troim	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

Léirítear sa tábla thuas an éagsúlacht de mheascáin LS do LS3. Mar shampla, tá Rogha Ghrúpa 3 i meascán LS 1, a réitíonn an Riachtanas do dhá (2) CAU, Lú Theas agus an Mhí Thoir agus An Uaimh agus Lár na Mí. Dá réir sin, cuimsítear i meascán LS don Ghrúpa seo an Rogha Ghrúpa don Uaimh agus Lár na Mí agus do Lú Theas agus an Mhí Thoir agus réitítear an Riachtanas do CAU eile leis an gCur Chuige Roghnaithe ar Leibhéal an CAU.

Mar a fheictear, fiú nuair a bhreithnímid gach iomalartú de Rogha an Limistéir Staidéir chun na meascáin LS a chruthú, tá roinnt soláthairtí uisce ann a mbeidh Rogha ar Leibhéal an CAU ag teastáil ina leith gcónaí. Bíonn na CAUnna sin ina soláthairtí scoite an-bheag a fhreastalaíonn ar líon teoranta daoine de ghnáth. De dheasca aois ár líonra uisce agus fadhbanna maidir le cáilíocht an uisce a bhaineann le méideanna beaga uisce a aistriú thar achair fhada, tá soláthar áitiúil do CAU den sórt sin ina réiteach níos oiriúnaí. Sna cásanna sin, is é béim an NWRP a chinntiú go ndéanfar na foinsí áitiúla athléimneacha is fearr agus is féidir a shainaitheint.

I dTábla 7.6 léirímid líon na Meascán LS (lena n-áirítear an Cur Chuige ar Leibhéal an CAU) a sainaitheint do gach Limistéir Staidéir.

Tábla 7.6 Líon na Meascán LS do gach Limistéir Staidéir

Líon na Meascán LS								
LS1	LS2	LS3	LS4	LS5	LS6	LS7	LS8	LS9
20	2	14	9	14	17	5	20	12

7.2.5 Céim 3 – Cur Chuige Roghnaithe ar Leibhéal an Limistéir Staidéir

7.2.5.1 Raon Cur Chuige a Thástáil - Leibhéal an Limistéir Staidéir

Mar chuid de Chéim 3, déanaimid comparáid idir Cur Chuige ar Leibhéal an CAU agus na Meascáin LS, a forbraíodh i gCéim 2.

Is é is aidhm leis an gcleachtadh sin a chinntiú gurb ionann an Cur Chuige Roghnaithe a roghnaítear ar Leibhéal an Limistéir Staidéir do gach Limistéir Staidéir agus an meascán Roghanna a sholáthraíonn an toradh foriomlán is fearr, nuair a bhreithnítear é i gcoinne na sé Chatagóir Cur Chuige.

Chun cuidiú linn sa chleachtadh seo, arís úsáidimid an uirlis ESÉC chun na Meascáin Limistéir Staidéir a rangú i gcoinne na sé Chatagóir Cur Chuige agus an Rogha a shainaitheint a sholáthraíonn na torthaí is fearr i gcoibhneas le gach ceann de na catagóirí sin.

Léirítear i dTábla 7.7 sampla den aschur ón bpróiseas ESÉC do LS3.

Tábla 7.7 Céim 3 - Aschur ESÉC do LS3 (Measúnú ar Mheascáin LS)

LS7	<p>Is ionann an CCR agus an MC is Fearr, an cur chuige is Athléimní agus an cur chuige is fearr don Timpeallacht.</p> <p>Tá níos mó ná dhá oiread na píblíne i gceist le torthaí an CAU ná mar atá leis an CAU, ach tá dhá (2) uasghrádú ICU níos lú agus astarraingtí méadaithe ag baint leis chom maith le díchoimisiúnú trí (3) ICU níos mó.</p> <p>Tá an GLL don CCR agus don Chur Chuige ar Leibhéal an CAU cosúil lena chéile agus meastar go bhfuil siad laistigh de 1% dá chéile.</p> <p>Ní bhaineann Rogha ardriosca a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar láithreáin Eorpacha le ceachtar ceann de na cuir chuige.</p> <p>Roghnaíodh an CCR toisc go bhfuil scór timpeallachta níos fearr leis agus toisc go bhfuil sé níos athléimní ná an Cur Chuige ar an Leibhéal CAU. Feidhmíonn sé beagán níos fearr freisin ná an cur chuige ar Leibhéal an CAU maidir le carbón. Ní mheastar go bhfuil an costas beagán níos airde a bhaineann leis an gCur Chuige Roghnaithe LS (thart ar 1% níos airde) suntasach i gcomparáid leis na gnóthachain timpeallachta a thairgeann an CCR. Ní mheastar go bhfuil an méadú ar an am seachadta idir an Cur Chuige ar Leibhéal an CAU agus an CCR suntasach ach an oiread.</p>

Limistéar Staidéir	Comparáid idir an Cur Chuige Roghnaithe (CCR) LS 6 agus an Cur Chuige ar an Leibhéal CAU
LS8	<p>Is ionann an CCR agus an cur chuige is Lú Costas agus an cur chuige is fearr don Timpeallacht.</p> <p>Baineann an fad píblíne níos giorra agus níos lú láithreán díchoimisiúnaithe leis an gCur Chuige ar Leibhéal an CAU. Baineann an líon is mó uasghráduithe ICU agus astarraingtí nua/uasghráduithe leis, áfach.</p> <p>Baineann GLL measta atá 19% níos ísle ná an Cur Chuige ar an Leibhéal CAU leis an CCR. Tá baint ag an gcostas níos ísle leis an líon laghdaithe d'uasghráduithe ICU agus astarraingtí mar thoradh ar na soláthairtí cuíchóirithe.</p> <p>Tá rogha ardriosca amháin (1) sa Chur Chuige ar Leibhéal an CAU agus CCR a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar láithreáin Eorpacha. Tá bearta maolaithe chun aghaidh a thabhairt ar an riosca leagtha amach i Ráiteas Tionchair Natura (RTN) don dréachtphlean PRAU-OLT.</p> <p>Scóráilann an CCR níos fearr i gcoinne na gcuspóirí MST mar gur cosúil go bhfeabhsófar an tírdhreach leis mar gheall ar an líon níos airde ICU na a bheith á ndíchoimisiúnú agus níos lú tógála. Is dóigh freisin go mbeidh níos lú tionchair dhíobhálach ag baint leis an CCR ar an timpeallacht uisce mar gheall ar an líon laghdaithe d'astarraingtí méadaithe.</p> <p>Ní mheastar go bhfuil an scór níos airde maidir le carbón agus athléimneacht suntasach nuair a chuirtear i gcomparáid í leis na gnóthachain timpeallachta trí roghnú an CCR.</p>
LS9	<p>Is ionann an CCR agus an cur chuige is Lú Costas, an MC is Fearr, an cur chuige is Lú Carbón an cur chuige is Athléimní agus an cur chuige is fearr don Timpeallacht.</p> <p>Mar CAU aonair, is é an Cur Chuige Roghnaithe don LS9 an Cur Chuige ar Leibhéal an CAU agus an Cur Chuige Roghnaithe LS. Níl measúnacht chomparáideach idir an dá chur chuige infheidhmithe dá réir sin.</p> <p>Cuimsítear i dTuarascáil Theicniúil LS9 (Aguisín 9) measúnacht chomparáideach idir meascáin eile Roghanna a ndearnadh measúnú orthu chun an Cur Chuige Roghnaithe do LS9 a chinneadh.</p>

Measúnacht Chúí (MC)

Níor raibh scóir -3 ar bith leis an Rogha Cur Chuige Roghnaithe (CCR) do LS1-LS7; bhí scóir -2 agus -1 ann, áfach, agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh Iarmhairtí Suntasacha Dóchúla (ISD) ar Láithreáin Eorpacha ann. Tá rogha amháin (1) le scór -3 leis an gCur Chuige Roghnaithe (CCR) do LS8 agus do LS9. Cé go meastar go bhfuil LSE féideartha (-3 scór) leis an gCur Chuige Roghnaithe le haghaidh LS8 agus LS9, measadh go raibh cuir chuige eile níos fabhraí ar an iomlán toisc go bhfuil tionchair thimpeallachta níos airde acu agus nach bhfuil siad chomh athléimneach.

Taispeántar inár measúnacht gur féidir aghaidh a thabhairt ar gach ISD féideartha ar Láithreáin Eorpacha ar fud na Limistéar Staidéir go léir trí bhearta maolaithe mar atá leagtha amach sa RTN a ghabhann leis an dréachtphlean PRAU-OLT. Ní shainaithnítear aon Iarmhairt Diúltach ar Shláine Láithreáin (IDSL) ag Leibhéal an Phlean.

Spriocanna MST

Tá an Cur Chuige Roghnaithe LS ag baint le sé cinn (6) de na naoi (9) Limistéar Staidéir arb é an Cur Chuige is Fearr don Timpeallacht. Áirítear leis sin LS1, LS2, LS4, LS7, LS8 agus LS9. Cuimsítear sa Chur Chuige Roghnaithe do na Limistéar Staidéir sin go léir aistriú ó Abhantrach an Phairtín (Foinse Nua na Sionainne) agus cuíchóiriú soláthair comhfhreagrach lena n-áirítear díchoimisiúnú ICU na agus a n-astarraingtí gaolmhara. Leis na ICU na díchoimisiúnaithe is dócha go bhfeabhsófar an tírdhreach agus is dócha go mbeidh níos lú drochthionchar ag an cuíchóiriú ar an timpeallacht uisce mar gheall ar an líon laghdaithe d'astarraingtí méadaithe.

Cé go scóráilann an Cur Chuige Roghnaithe do LS5 níos measa i gcoinne na gcritéar is Fearr don Timpeallacht i gcomparáid le meascáin roghanna eile, níl aon difríocht shuntasach idir na scóir thimpeallachta is fearr. Níl meascán roghanna ar bith eile ann ach an oiread lena n-éascófaí athléimneacht timpeallachta níos fearr agus an scór MC á fheabhsú. Tá scór measartha maith leis maidir le carbón chomh maith.

Scóráilann LS3 agus LS6 níos fearr ná an Cur Chuige ar Leibhéal an CAU i gcoinne na gcritéar don cheann is Fearr don Timpeallacht, ach ní rangáitear iad mar an ceann is Fearr don Timpeallacht i gcoinne gach meascán rogha eile. Ní raibh na scóir i bhfad níos ísle ná na scóir don Chur Chuige is Fearr don Timpeallacht, áfach. Maidir le LS3, is é an príomhdhifear idir an Cur Chuige is Fearr don Timpeallacht agus an Cur Chuige Roghnaithe go gcuimsítear sa Chur Chuige Roghnaithe astarraingtí screamhuisce bhreise agus uasghrádú ICU, díchoimisiúnaítear níos mó ICU na leis agus baineann leath fhad na píblíne leis. Dá réir sin, tá costas gaolmhar níos ísle leis. Ní mheastar go bhfuil an difríocht sna scóir thimpeallachta suntasach i gcomparáid le toradh an chostais tairbhe. Maidir le LS6, tá níos mó ná dhá oiread an phíblíne agus líon níos airde stórála uisce cóireáilte leis an gCur Chuige is Fearr don Timpeallacht. Ar an gcúis seo, scóráilann sé an ceann 'Is Fearr' sa chatagóir is Lú Costas.

An Cur Chuige is Lú Carbón

Ní rangú ard le cuid mhór de na Cuir Chuige Roghnaithe LS i gcoibhneas le meascáin roghanna eile i gcoinne na gcritéar is Lú Carbón. Is cóir a luadh gur féidir, ar Leibhéal mionsonraithe Tionscadail, an feidhmiúchán ó thaobh carbón de a fheabhsú go mór trí dhearadh éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus fiosrúchán ar thionscnaimh ísealcharbóin². Is cóir a luadh gur féidir, ar Leibhéal mionsonraithe Tionscadail, an feidhmiúchán ó thaobh carbón de a fheabhsú go mór trí dhearadh éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus fiosrúchán ar thionscnaimh ísealcharbóin³. Ina theannta sin, cuirfidh breis-obair ar mhodhanna feidhmiúcháin nua ar ár gcumas na soláthairtí idirnasctha a fheabhsú le seasmhacht agus tairbhe ó thaobh na timpeallachta de a chuir ar fáil fiú agus sinn ag cothromú an tionchar fuinnimh agus carbóin atá againn.

7.3.3 Comparáid idir Costais

Is féidir an éifeachtúlacht ó thaobh costais de a fuarthas trí chuíchóiriú soláthairtí agus ceangal líonra a fheiceáil nuair a dhéantar comparáid idir an Glanluach Láithreach (GLL) don Chur Chuige ar Leibhéal an CAU agus an Cur Chuige Roghnaithe LS. Cuirtear an difríocht chéatadáin idir an dá (2) chur chuige i láthair i dTábla 7.15.

Is iad LS1 agus LS8 go háirithe a bhaineann na laghduithe is mó amach, is iad sin 23% agus 19% faoi seach. D'fhéadfadh sé go mbaineann an laghdú le cuíchóiriú sé (6) ICU le ICU Fheartraí ag Rogha Ghrúpáilte LS amháin do LS1; agus trí (3) Rogha Ghrúpáilte LS ag cuíchóiriú ocht (8) ICU do LS8. Tugtar tuilleadh sonraí faoi na Roghanna sin i gCuid 7.5.8 agus sna hAguisíní Teicniúla comhfhreagracha.

Tábla 7.15 Comparáid idir Costais


Difríocht sa Chostas (5)								
Cur Chuige Roghnaithe an LS i gcomparáid leis an gCur Chuige ar Leibhéal an CAU								
LS1	LS2	LS3	LS4	LS5	LS6	LS7	LS8	LS9
-23 % 🟢	-9% 🟢	3% 🔴	-3% 🟢	-9% 🟢	2% 🔴	1% 🔴	-19% 🟢	N/B

🟢 = Costas laghdaithe

🔴 = Costas méadaithe

Déantar comparáid i bhFíor 7.8 idir costas iomlán na gCur Chuige ar an Leibhéal CAU agus na Cuir Chuige Roghnaithe LS do LS1 go LS8. Ní chuirtear LS9 san áireamh sa chomparáid sin toisc gurb é an Cur Chuige an Leibhéal an CAU an Cur Chuige Roghnaithe LS, mar sin bheadh an costas mar an gcéanna dá gcuirfí i láthair sa dá chairt é.

Tá laghdú 7% ar an iomlán ar an gcostas iomlán ar leibhéal an Phlean thar LS1 go LS8, a bhaintear amach trí sholáthairtí a idircheangal agus a chuíchóiriú ar Leibhéal an Limistéir Staidéir. Tá na costais timpeallachta agus shóisialta agus na costais charbóin beagáinín níos airde don Chur Chuige Roghnaithe LS ar an iomlán. Baineann sé sin den chuid is mó le tógáil bhreise bhonneagar na píblíne chun CAUnna agus foinsí a idirnascaidh. Tá laghdú suntasach ar an gan costas oibriúcháin, áfach, mar gheall ar chuíchóiriú soláthairtí iomadúla agus ICUUnna díchoimisiúnaithe gaolmhara.



Fíor 7.8 Costais LS don Chur Chuige ar Leibhéal an CAU agus Cur Chuige Roghnaithe an Limistéir Staidéir (LS1-LS8)

7.4 Cur Chuige Tosaíochta LS

7.4.1 Foinsí Soláthair Uisce

Freastalaíonn an Cur Chuige Roghnaithe LS do na naoi (9) Limistéar Staidéir ar Easnamh soláthair trí:

- Soláthairtí CAU neamhspleácha áitiúla - foinsí beaga uisce dromchla agus screamhuisce áitiúil;
- Laistigh de sholáthairtí idirnasctha LS - CAUnna idirnasctha a sholáthraítear ó fhoinse laistigh den LS; agus/nó
- Laistigh de sholáthairtí idirnasctha trasna LS - CAUnna idirnasctha a sholáthraítear ó fhoinse lasmuigh den LS.

Le haghaidh CAUnna nach bhfuil Easnamh iontu, ní chuimsítear sa Chur Chuige Roghnaithe ach uasghrádú próiseála ar Cháilíocht Uisce ICU (uasghrádú CU amháin).

Liostaítear i dTábla 7.16 líon na CAUnna arna soláthar ag cineál foinse, agus na CAUnna i gcás go dteastaíonn uasghrádú ICU (CU amháin).

Tábla 7.16 - Cineálacha Cur Chuige Roghnaithe

Cineál Foinse CAU	An líon Criosanna Acmhainní Uisce								
	LS1	LS2	LS3	LS4	LS5	LS6	LS7	LS8	LS9
Foinse áitiúil (SU)	6	8	3	-	4	21	3	16	-
Foinse áitiúil (UD)	-	-	-	-	3	-	1	1	-
Laistigh d'Idircheangal LS	3	-	-	-	-	2	-	11	-
Idircheangal Trasna an LS	6	3	7	11	-	2	3	1	1
Uasghrádú ICU (CU amháin)	3	1	1	2	3	3	3	2	-


Faoin gCur Chuige Roghnaithe cuireann seasca a haon (61) soláthar screamhuisce áitiúil (méadaithe nó nua) agus cúig (5) sholáthar uisce dromchla áitiúla le freastal ar thart ar 8% agus 6% den Easnamh ar fud Réigiún an Oirthir agus an Lár Tíre, faoi seach. Is forbairtí iad na soláthairtí sin den chuid is mó ar fhoinsí atá ann cheana agus roinnt astarraingtí nua.

Mar a luaitear i gCuid 7.3.1, baineann ocht (8) gcinn de na naoi (9) Limistéar Staidéir leas as idircheangail tras-LS a sholáthraítear ó Fhoinse Nua na Sionainne (FNS), arb é an Cur Chuige Roghnaithe do LS9, Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath (MBÁC). Gheofar soláthar do cheithre (4) cinn de na Limistéir Staidéir sin (LS4, LS6, LS7, LS8) ó FNS trí nasc leis an bpíblíne a aistríonn uisce cóireáilte ó FNS go MBÁC. Nascfar trí (3) Limistéar Staidéir (LS1, LS2 agus LS3) trí líonra soláthair MBÁC. Tá deich (10) Rogha i gceist leis an idircheangal Tras-LS a théann chun leasa tríocha a ceathair (34) CAU, lena n-áirítear MBÁC, agus a chuidíonn le 80% den Easnamh a réiteach ar fud na Limistéar Staidéir go léir.

Freastalaítear ar an 6% eile den Easnamh ar fud na naoi (9) Limistéar Staidéir le hIdircheangail Laistigh den LS. Áirítear leo sin: ceithre (4) idircheangal le córas soláthair Chathair Luimnigh, ag baint úsáid as

an acmhainn bhreise ag ICU Bhaile Chláir; agus trí (3) chuíchóiriú ar fhoinsí screamhuisce le soláthairtí uasghrádaithe gaolmhara atá ann cheana.

Léirítear i bhFíor 7.9 cion coibhneasta na gcineálacha foinsí ina dtabharfar aghaidh ar an Easnamh soláthair.



Fíor 7.9 Cinéal Foinsé an Chur Chuige Roghnaithe - Céatadán (%) den Easnamh a Soláthraíodh

Soláthairtí Cuíchóirithe

Cuimsítear Rogha lena ndéantar córais soláthair uisce a chuíchóiriú i seacht (7) Limistéar Staidéir. Is éard atá i gceist leis seo ná CAU a nascadh le córas soláthair uisce eile, in éineacht le díchoimisiúnú Ionad Cóireála Uisce (ICUnna) agus a n-astarraingtí. Ar fud Réigiún an Oirthir agus an Lár Tíre déanfar 66 ICU a dhíchoimisiúnú agus déanfar 67 astarraingt a thréigean leis an gCur Chuige Roghnaithe.

Leis na córais um chuíchóiriú soláthrófar an tairbhe maidir le líon laghdaithe ICUnna, ar dóigh go mbeidh tairbhí MST leo ó thionchar laghdaithe ar an tírdhreach, agus san fhadtárma laghdófar na costais oibriúcháin. Feabhsaítear an Athléimneacht agus an tSolúbthacht trí sholáthairtí idirnasctha níos mó freisin.

7.4.2 Athruithe ar an mbonneagar atá ann Cheana

Taispeántar i bhFíor 7.10 na ICUnna atá ann cheana agus na príomh-phíblínte idirnasctha ar fud an réigiúin. Is iad an dá ICU is mó faoi láthair ICU an Bhaile Mhóir agus ICU Léim an Bhradáin, a chuireann


soláthar ar fáil do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath (MBÁC) agus a bhfuil acmhainn níos mó ná 200,000 m³/lá acu. I dTábla 7.17 liostaítear na ICUanna a bhfuil acmhainn níos mó ná 10,000 m³/lá acu agus na CAUnna a gcuireann siad soláthar ar fáil dóibh.

Tábla 7.17 Acmhainní Ionad Cóireála Uisce >10,000 m³/lá


Ionad Cóireála Uisce	Ainm CAU	Acmhainn ¹ (m ³ /lá)
ICU TAB Bhaile Átha Luain	Baile Átha Luain	12,400
ICU Bhaile Baodáin	Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath	12,800
ICU an Bhaile Mhóir	Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath	286,000
ICU Loch an Chaisleáin	An tSionainn/Droichead Abhann Ó gCearnaigh	13,800
ICU Bhaile Chláir	Luimneach	79,800
ICU an Chúil Bháin	An tAonach	12,800
ICU Dhroim Chliabh	Inis	14,700
ICU Fhainge	Inbhear na Sionainne	20,500
Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin	Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath	215,400
ICU Lios Cartáin	An Uaimh agus Lár na Mí	13,200
ICU Phort Lomáin	An Muileann gCearr Réigiúnach	20,100
ICU Ráth Bhile	Ceatharlach Thuaidh	10,500
ICU an tSruthláin	Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath	34,800
ICU Steach Luíne	Lú Theas agus an Mhí Thoir	28,900
ICU Fheartraí	Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath	68,800

¹Acmhainn Deartha 22 uair an chloig

Taispeántar na hathruithe ar an mbonneagar atá ann cheana a bhaineann leis na Cuir Chuige Roghnaithe LS i bhFíor 7.11 go Fíor 7.13 le haghaidh Roghanna a bhaineann leas as ‘Foinsí áitiúla CAU’, ‘Idircheangail laistigh den Limistéar Staidéir’ agus Idircheangail Tras-Limistéar Staidéar’, faoi seach. Taispeántar leo ICUanna nua, uasghrádaithe agus díchoimisiúnaithe agus príomhlíonraí idirnasctha nua.



Fíor 7.10 Bonneagar atá ann Cheana



Fíor 7.11 Cur Chuige Roghnaithe – Foinsí Áitiúla CAU

- Cathair
- Ionad Réigiúnach
- Príomhbhaile
- Príomhlíonra atá ann Cheana*
- Príomhphíobán nua*
- Féidearthacht le haghaidh príomhphíobán nua sa bhreis*
- Príomhlíonra a uasghrádú*
- Príomhlíonra na Rogha Neamh-Réigiúnaí*
- ICU atá ann cheana
- ICU a uasghrádú (cáilíocht amháin)
- ICU a uasghrádú (acmhainn agus cáilíocht)
- Díchoimisiúnaigh ICU
- ICU Nua

- Acmhainn ICU (m3/lá)**
- <10,000
 - 10,001 - 80,000
 - >200,000
 - Soláthar Luimnigh
 - Foinse Screamhuisce

Idircheangail CCR Trasna an Limistéir Staidéir
Idircheangail CCR Laistigh den Limistéir Staidéir
 Iomlán fhoinsí CAU an CCR
Bonneagar atá ann cheana

*Tá gach suíomh agus ailíniú bonneagair tásach agus níl siad de réir scála.

MEASCÁN8-504
Crios Acmhainní Uisce (1)
 O'Briensbridge
Éileamh 2044
 1,500 m³/lá
Comhpháirteanna bonneagair
 1 ICU díchoimisiúnaithe
 10 km de pháiblíne nua/athchóirithe

MEASCÁN8-510
Crios Acmhainní Uisce (3)
 Áth Dara, Réigiún an Iardheiscirt, SU Inbhear na Sionainne
Éileamh 2044
 37,700* m³/lá
Comhpháirteanna bonneagair
 1 ICU díchoimisiúnaithe
 57 km de pháiblíne nua/athchóirithe
 *thart ar 13,000 m³/l soláthartha trí aistriú


MEASCÁN8-177
Crios Acmhainní Uisce (1)
 Soláthar Uisce Chromadh
Éileamh 2044
 1,100 m³/lá
Comhpháirteanna bonneagair
 2 ICU díchoimisiúnaithe
 17 km de pháiblíne nua/athchóirithe

MEASCÁN8-508
Crios Acmhainní Uisce (3)
 An Dún, Maigh Rua/an Cheapach Mhór /Faillín an Deataigh, Úlla/Pailís Ghréine
Éileamh 2044
 3,300* m³/lá
Comhpháirteanna bonneagair
 8 ICU díchoimisiúnaithe
 38 km de pháiblíne nua/athchóirithe
 *thart ar 2,000 m³/l soláthartha trí aistriú

MEASCÁN8-516
Crios Acmhainní Uisce (2)
 Gleann Oisín/Baile Shéamais/Cill Mocheallóg/Cill Fhionáin-Ard Pádraig
Éileamh 2044
 3,200 m³/lá
Comhpháirteanna bonneagair
 2 ICU díchoimisiúnaithe
 7 km de pháiblíne nua/athchóirithe

MEASCÁN6-553
Crios Acmhainní Uisce (2)
 Baile na Coille, Darú
Éileamh 2044
 3,200 m³/lá
Comhpháirteanna bonneagair
 0 ICU díchoimisiúnaithe
 3 km de pháiblíne nua/athchóirithe

MEASCÁN1-514
Crios Acmhainní Uisce (3)
 Eachroim Áth na Cora, an tInbhear Mór, Baile Mhuiris
Éileamh 2044
 600 m³/lá
Comhpháirteanna bonneagair
 2 ICU díchoimisiúnaithe
 13 km de pháiblíne nua/athchóirithe




Fíor 7.12 Cur Chuige Roghnaithe - Laistigh d'Idircheangail LS

- Cathair
- Ionad Réigiúnach
- Príomhbhaile
- Príomhlíonra atá ann Cheana*
- Príomhphíobán nua*
- Féidearthacht le haghaidh príomhphíobán nua sa bhreis*
- Príomhlíonra a uasghrádú*
- Príomhlíonra na Rogha Neamh-Réigiúnaí*
- ICU atá ann cheana
- ICU a uasghrádú (cáilíocht amháin)
- ICU a uasghrádú (acmhainn agus cáilíocht)
- Díchoimisiúnaigh ICU
- ICU Nua

- Acmhainn ICU (m3/lá)**
- <10,000
 - 10,001 - 80,000
 - >200,000
- Aistriú ó Fhoirse Nua na Sionainne (FNS)
- Soláthar MBÁC

Idircheangail CCR Trasna an Limistéir Staidéir
 Idircheangail CCR Laistigh den Limistéir Staidéir
 Iomlán fhoinsí CAU an CCR
Bonneagar atá ann cheana



Fíor 7.13 Cur Chuige Roghnaithe – d’Idircheangail Tras-LS

7.4.3 Dul i ngleic le Ligean

Tá bearta laghdaithe ligin ina gcomhpháirt lárnach den Chur Chuige Roghnaithe maidir le haghaidh a thabhairt ar Riachtanas ar fud Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre. Mar a leagtar amach i gCuid 5.2, tá sé mar aidhm leis na bearta na spriocanna um Leibhéal Ligin atá Inbhuanaithe ón taobh Eacnamaíoch de (LLIE) a bhaint amach faoi 2034.

Is é 213MI/lá an laghdú iomlán toirte a theastaíonn chun an sprioc Náisiúnta LLIE a bhaint amach. Bainfear é sin amach trí na hionchuir seo a leanas:

- 39% laistigh de MBÁC (arb ionann é agus 84 MI/lá).
- 11% do CAUnna eile ar fud Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre (arb ionann é sin agus 22.5 ML/lá).
- 50% trí bhearta arna gcur chun feidhme i CAUnna ar fud Réigiúin an Iardheiscirt, an Iarthuaiscirt agus an Oirdheiscirt (arb ionann é sin agus 106.5 MI/lá).

Cuimsítear sa Cur Chuige Roghnaithe do MBÁC laghdú ligin lena mbainfear amach an sprioc LLIE 84 MI/lá do MBÁC faoi 2034.

Maidir le CAUnna lasmuigh de MBÁC atá suite laistigh de Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre, cuimsítear sa Chur Chuige Roghnaithe 3 MI/lá den sprioc LLIE 22.5 ML/lá. Tugtar tús áite ina leith sin ar fud na Limistéar Staidéir bunaithe ar:

- Méid na nEasnamh idir soláthar agus éileamh
- Astarraingtí atá ann cheana lena mbaineann fadhbanna inbhuanaitheachta; agus
- Tionchair bhreathnaithe le linn thriomach na bliana 2018.

Dá réir sin, ar fud Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre, cuimsítear sa Chur Chuige Roghnaithe na laghduithe ligin seo a leanas a chuireann le sprioc LLIE a bhaint amach:

- LS3 - 356 m³ in aghaidh an lae trí ghlanlaghdú ligin i mBaile Átha Buí, i gCoill an Chollaigh, san Uaimh agus i Lár na Mí agus Baile Átha Troim.
- LS4 - 251 m³ in aghaidh an lae trí ghlanlaghdú ligin i mBaile Uí Mhatháin agus sa Mhuileann gCearr Réigiúnach.
- LS5 – 570 m³ in aghaidh an lae trí ghlanlaghdú ligin sa Bhiorra, Ros Comáin Theas agus Baile Átha Luain.
- LS6 – 823 m³ in aghaidh an lae trí ghlanlaghdú ligin i gCeatharlach Thuaidh, an Cloch - Caisleán an Chomair, Port Laoise, Cúil an tSúdaire agus an Tulach Mhór.
- LS8 – 978 m³ in aghaidh an lae trí ghlanlaghdú ligin in Inis, sa tSionainn/ Droichead Abhann Ó gCearnaigh, agus i gCathair Luimnigh.
- LS9 – 84,000 m³ in aghaidh an lae trí ghlanlaghdú ligin.

Nóta: Tá 1,000 m³ in aghaidh an lae ionann le 1 MI/lá).

De bhreis ar na laghduithe méide a ionchorpraíodh mar chuid den Chur Chuige Roghnaithe, tá Uisce Éireann tiomanta don 19.5 MI/lá eile den sprioc LLIE do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre a bhaint amach faoi 2034; agus tá sprioc ligin bhreise de 35.5 ML/lá socraithe aige don Réigiún a sháraíonn sprioc LLIE, atá le baint amach faoi 2034 freisin. Bainfear é sin amach trí leibhéal ligin a laghdú go 21% den Éileamh Iomlán ar CAUnna níos mó i gcás go bhfuil an t-éileamh níos mó ná 1,500 m³ in aghaidh an lae.

D'fhéadfadh sé go gciallódh baint amach na spriocanna ligin breise seo nach mbeadh an méid soláthair arna sholáthar leis an gCur Chuige Roghnaithe de dhíth go hiomlán. Tabharfar an deis leis sin an Cur Chuige Roghnaithe a chur in oiriúint, mar shampla trí athruithe ar an achar ama seachadta nó ar dhearaí modúlacha. Sa chás go dtarlódh fás níos airde ná mar a bhí réamh-mheasta, rachadh na laghduithe breise ligin i dtreo an t-éileamh breise a chruthaítear trí fhás níos airde a chothromú.

D'fhonn a chinntiú go mbeidh na réitigh (Cur Chuige Roghnaithe) a fhorbraímid (Cuid 6-8) oiriúnach i gcás ligean laghdaithe agus éileamh statach i gcónaí rinneamar anailís íogaireachta ar ár réitigh (Cuir Chuige Roghnaithe). Chuir sé sin ar ár gcumas tuiscint a fháil ar thionchar laghdaithe ligin ar an réiteach atá beartaithe (Cur Chuige Roghnaithe) agus an mbeadh sé bailí fós faoi chás ligin laghdaithe. Leis an bpróiseas sin linn soláthar an réitigh (Cur Chuige Roghnaithe) a chothromú idir an colún Caill Níos Lú (Cuid 5.2) agus an colún Soláthair Níos Cliste (Cuid 5.4).

7.4.4 Aghaidh a Thabhairt ar Cháilíocht an Uisce

Sainithníodh inár ár Measúnacht Eatramhach ar Bhacainní (a thuairiscítear inár gCreatphlean agus a achoimrítear i gCuid 3.3.2 den dréachtphlean PRAU-OLT seo) riachtanas atá spreagtha ag Cáilíochta Uisce chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Chur Chuige Roghnaithe. Cinneadh leis an measúnú go bhfuil ardriosca le 181 ceann de na 201 ionad cóireála uisce sa Réigiún nach gcomhlíonfaidh siad ceann amháin nó níos mó de cheithre Bhacainn ar Cháilíocht an Uisce. I roinnt cásanna áfach, is féidir riosca a rómheas lenár gcuid measúnachtaí deisce, go háirithe agus beagán sonraí ar fáil faoi thréithe abhantraí ár gcuid foinsí amhuisce. De réir mar a fhorbraítear ár measúnachtaí “Foinse go Sconna” faoin bPlean Sábháilteachta Uisce Óil (PSUÓ) do gach soláthar uisce, ar ceanglas iad faoin Treoir maidir le hUisce Óil (Athmhúnlú) (2020), déanfar na scóir bhacainne a nuashonrú dár gcuid soláthairtí go léir agus éireoidh siad níos iontaofa.

Is é atá i gceist le **'bacainn'** aon ghníomhaíochtaí, próisis, nósanna imeachta, caighdeán nó sócmhainní (gléasraí cóireála, príomhphíobáin uisce, stáisiúin chaidéalaithe, srl) a chuirtear i bhfeidhm ar fud an chórais iomláin ón abhantrach go dtí an sconna d'fhonn uisce de cháilíocht agus de chainníocht imleor a chinntiú. Áirítear ar na ceithre Bhacainn: 1) Cosaint ar bhaictéir agus víreas; 2) Iarmhair clóirín a choinneáil sa líonra; 3) Próisis um baint protozoa; 4) Cosc ar fhoirmiú tríhalaiméatán (THM).

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach léiriú é an measúnú ar neamhchomhlíonadh maidir le Rialachán an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil) 2014, arna leasú (Rialachán maidir le hUisce Óil), ach is measúnú é ar an gcaighdeán cumais sócmhainne i gcomparáid leis an gcaighdeán sócmhainne atá leagtha amach i gCuid 5.7 den Chreatphlean. Soláthraítear sa mheasúnacht tásc den Ghá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i gcodanna dár mbonn sócmhainní (daonna agus struchtúrtha) trí phleanáil acmhainní a dhéanamh chun a chinntiú gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar rioscaí féideartha nó ar rioscaí atá ag teacht chun cinn dár soláthairtí.

Cuimsítear sa Chur Chuige Roghnaithe do gach Limistéar Staidéir uasghrádú ar éifeachtúlacht cóireála cáilíochta uisce maidir le gach ionad cóireála nach bhfuil baint acu le tionscadal ar bun (tionscadal atá idir lámha- tá cur síos déanta orthu sin i gcuid 4 den dréachtphlean PRAU). Tá na huasghráduithe ar Ionaid Chóireála Uisce (ICU) deartha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí atá sainaitheanta i gCuid 3.3.2 trí fheabhsuithe ar scagachán, téachtadh agus cóireáil ultraivialaite (UV). Ní chuimsítear bearta feabhsúcháin iontu a bhaineann le bearta a theastaíonn ar ICUanna atá faoi réir ordú ón GCC nó atá liostaithe ar Liosta Gníomhaíochta Feabhais an GCC (mar atá léirithe i dTábla 3.15 den dréachtphlean PRAU-OLT).

7.4.5 Inbhuanaitheacht na Timpeallachta

Mar atá achoimrithe i gCuid 3.7.2 den Chreatphlean, tá reachtaíocht nua á forbairt ag an Rialtas faoi láthair lena dtabharfar ceadúnú maidir le hastarraingtí isteach. Déanfar iarratais ar cheadúnais a mheasúnú i gcoinne na gcritéar timpeallachta d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar cuspóirí na Creat-teorach Uisce (CTU) (2000/60/CE), maidir leis an astarraingt shainiúil agus i gcomhcheangal le

gníomhaíochtaí eile araon. Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) a dhéanfaidh na ceadúnais a chinneadh.

Tugtar le fios sa PBA⁴ go bhféadtar astarraingtí níos mó ná 25m⁴/lá a athbhreithniú chun aon riosca féideartha do chuspóirí CTU a scrúdú; agus beidh ceadúnas ag teastáil ó gach astarraingt níos mó ná 25 m³/lá. Is cinnte gurb é an toradh a bheidh an gcóras rialála nua go ndéanfar athruithe ar an dóigh a n-astarraingíonn Uisce Éireann uisce faoi láthair óna bhfoinsí uisce aonair. Agus an reachtaíocht seo á forbairt fós, áfach, níl infheictheacht iomlán ag Uisce Éireann ar an gcóras rialála amach anseo agus dá bhrí sin ní féidir leis meastachán ar astarraingt inbhuanaithe a áireamh sna ríomhanna um Chothromaíocht idir Soláthar agus Éileamh (CSÉ). Beidh gá le measúnú níos mionsonraithe de réir an láithreáin a dhéanamh nuair a fhoilseofar an reachtaíocht ina foirm dheiridh.

In ainneoin sin, mar a pléadh i gCuid 2 den Phlean seo, in éagmais riachtanas reachtach, rinne Uisce Éireann measúnú coimeádach neamhspleách ar astarraingtí bunaithe ar chaighdeán UKTAG chun (i) an tionchar féideartha ar ár CSÉ a chinneadh agus (ii) réitigh mhalartacha fhéideartha a aithint chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht ár n-astarraingtí. Tá an nós imeachta measúnaithe leagtha amach in Aguisín C de Chreatphlean, agus tá sé i gcomhréir le cur chuige réamhchúraim. Faoin gcóras rialála atá beartaithe, breithneoidh an GCC cainníochtaí astarraingthe inbhuanaithe, agus dá réir sin is meastachán coimeádach amháin é an measúnú atá déanta ag Uisce Éireann dá réir sin, arb é an aidhm leis cuidiú le tionchar a imirt ar phleanáil amach anseo.


Déantar anailís íogaireachta (atá curtha i láthair i gCuid 7.6) do gach CAU, ionas gur féidir linn tástáil struis a dhéanamh ar íogaireacht an Chur Chuige Roghnaithe i gcoinne laghduithe féideartha a bhaineann le hinbhuanaitheacht ar astarraingtí atá ann cheana (arís, ag glacadh cur chuige coimeádach agus réamhchúraim maidir le leibhéal na laghduithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil). Cinnteofar leis sin go mbeidh ár gcinnteoireacht láidir, agus go mbeidh na Cuir Chuige Roghnaithe inoiriúnaithe agus comhoiriúnach le córais rialála fhéideartha amach anseo, a mhéid is féidir é sin a thuar ag an bpointe seo. Tá an anailís íogaireachta curtha i láthair i gCuid 7.6.

Sainithníodh inár measúnú fiche (20) láithreán uisce dromchla i gcás go bhféadfadh sé go mbeadh laghduithe astarraingthe de dhíth amach anseo, bunaithe ar mheastacháin choimeádacha ar a bhféadfadh a bheith ag teastáil ó chóras amach anseo. Tá siad sin liostaithe i dTábla 2.4 den Phlean seo.

Taispeántar i bhFíor 7.14 agus Fíor 7.15 na láithreáin astarraingthe uisce dromchla agus screamhuisce atá againn cheana féin. Maidir le huisce dromchla, aibhsítear na láithreáin ina bhféadfadh laghduithe astarraingthe féideartha a bheith ag teastáil amach, mar thoradh ar an gcóras ceadúnaithe nua i ndath dearg.

Eochair


- ◆ Astarraingt Uisce Dromchla
- ◆ Astarraingtí uisce dromchla a d'fhéadfadh na tairseacha astarraingthe inbhuanaithe a shárú
- Teorainn an limistéir staidéir
- Teorainn údaráis áitiúil
- Loch
- Abhainn
- Stádas nó Acmhainn Éiceolaíoch CTU
- Ard
- Maith
- Measartha
- Lag
- Gann sannadh



Fíor 7.14 Astarraingtí Uisce Dromchla atá Ann Cheana

Eochair

- ◆ Astarraingt Screamhuisce
- Abhainn
- Loch
- Teorainn an limistéir staidéir



Fíor 7.15 Astarraingtí Screamhuisce atá Ann Cheana

Agus an Cur Chuige Roghnaithe á fhorbairt againn, bhreithníomar réitigh chun feabhas a chur ar an inbhuanaitheacht ag na láithreáin a measadh go bhféadfadh tionchar a bheith ag reachtaíocht nua orthu. Trí chuíchóiriú na soláthairtí, tá sé tuartha go dtréigfear naoi (9) cinn de na 20 láithreán astarraingthe uisce dromchla. D'fhéadfadh sé sin feabhas a chur ar na torthaí timpeallachta ag na láithreáin sin agus an éiginnteacht a bhaineann leis an reachtaíocht amach anseo a laghdú.

Liostaítear i dTábla 7.18 na hastarraingtí a thréigfear mar chuid den Chur Chuige Roghnaithe LS. Taispeántar i bhFíor 7.16 a suíomh i gcomhthéacs Stádas Éiceolaíoch nó Acmhainn CTU an dobharlaigh.

Tábla 7.18 Cur Chuige Roghnaithe – Astarraingtí Uisce Dromchla a d'Fhéadfadh na Tairseacha Astarraingthe Inbhuanaithe a Shárú

Limistéir Staidéir	Líon na Láithreán Astarraingthe	Ainm an Láithreáin (CAU)
LS1	3	Fo-abhainn na hAbhann Bige/Baile an Doire (Soláthar Poiblí Ráth Droma) Srutha Thrí Thobar (Soláthar Poiblí Eachroma/Áth na Cora) Fo-abhainn na hAbhann Bige (Soláthar Poiblí Abhóca na Claise)
LS2	-	neamhbhainteach
LS3	2	An Abhainn Dhubh – Liscarton (an Uaimh - Lár na Mí) An Loch Bán (Ceanannas-an Seanchaisleán)
LS4	2	Loch Léinn (Baile Eanaigh) Loch Uail (Muileann gCearr Réigiúnach)
LS5	-	neamhbhainteach
LS6	1	Abhainn Clodiagh (An Tulach Mhór)
LS7	-	neamhbhainteach
LS8	1	Abhainn na Maoilchearna (SRSU an Phoirt Nua)
LS9	-	neamhbhainteach

Maidir leis an aon déag (11) astarraingt eile, éascófar leis an gCur Chuige Roghnaithe laghdú soláthairtí ó thrí (3) cinn de na hastarraingtí sin agus laghdófar an brú ar dhá (2) cheann eile trí fhoinsí réamh-mheasta san éileamh a sholáthar le foinsí malartacha. D'fhéadfadh go mbeadh réitigh soláthair mhalartacha ag teastáil ó sé (6) astarraingt. Tá sé sin achoimrithe i dTábla 7.16, ina ndéantar achoimre ar thorthaí na hanailíse íogaireachta a dhéantar lena chinntiú go bhfuil na Cuir Chuige Roghnaithe inoiriúnaithe agus comhoiriúnach le córais rialála fhéideartha amach anseo.

Braithfidh na laghduithe iarbhír a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil amach anseo ar riachtanais shonracha na reachtaíochta amach anseo. Tabharfaidh Uisce Éireann an PNAU cothrom le dáta de réir mar is cuí chun cuntas a thabhairt ar na riachtanais sin, nuair a bheidh siad ar eolas, ag baint úsáid as an bpróiseas monatóireachta agus aiseolais atá leagtha amach i gCuid 9 den Phlean seo. Taispeántar i bhFíor 7.17 agus i bhFíor 7.17 na hathruithe ar astarraingtí faoi fhorbairt an Chur Chuige Roghnaithe, lena n-áirítear astarraingtí a mhéadófar, a uasghráadófar agus a thréigfear.

Eochair

Astarraingt Uisce Dromchla


- ◆ Astarraingt nua
- ◆ Coinnigh astarraingt
- ◆ Nuashonraigh astarraingt
- ◆ Díchoimisiúnaigh an astarraingt

Astarraingtí uisce dromchla a d'fhéadfadh na tairseacha astarraingthe inbhuanaithe a shárú

- Abhainn
- Loch
- Teorainn an limistéir staidéir

Stádas nó Acmhainn Éiceolaíoch CTU

- Ard
- Maith
- Measartha
- Lag
- Abhainn na Daoile
- Gann sannadh




Fíor 7.16 Cur Chuige Roghnaithe – Astarraingtí Uisce Dromchla

Eochair

Astarraingtí Screamhuisce

- ◆ Astarraingt nua
- ◆ Coinnigh astarraingt
- ◆ Nuashonraigh astarraingt
- ◆ Díchoimisiúnaigh an astarraingt

- Abhainn
- Loch
- Teorainn an limistéir staidéir



Fíor 7.17 Cur Chuige Roghnaithe – Astarraingtí Screamhuisce


7.5 Achoimrí ar na Cuir Chuige Roghnaithe

Soláthraítear achoimre sna codanna seo a leanas ar na Cuir Chuige Roghnaithe maidir le gach Limistéar Staidéir. Tá tuilleadh sonraí i dTuarascálacha Teicniúla na Limistéar Staidéir in Aguisíní 1-9.

7.5.1 Limistéar Staidéir 1 – Cill Mhantáin

Limistéar Staidéir 1					
Líon na CAUnna	Tá LS1 suite laistigh de chontaetha Chill Mhantáin agus Loch Garman, agus clúdaítear ann achar iomlán agus thart ar 680 km ² . Is é 24,000 daonra an Limistéir Staidéir.				
18	Is iad na príomhlonnaíochtaí an tInbhear Mór, Áth na Fuinseoige, Ráth Droma, Eachroim, Gleann Fhaidhle, an Tóchar, Abhóca, an Láithreach, an Chlais, an Chrois Dhearg, an Bhearn Dhearg. Is é an tInbhear Mór an t-aon Phríomhlonnaíocht ina bhfuil daonra níos mó ná 10,000.				
An Córas Soláthair Reatha					
ICUnna	Ní hé.	Cineál Foinse Uisce	Ní hé.	Easnamh Soláthair	m ³ .lá
ICU atá ann cheana	20	Screamhuisce	15	DYCP 2019	1,039
ICU le Riosca Ard	18	Uisce Dromchla	5	DYCP 2044	1,287
Achoimre ar an gCur Chuige Roghnaithe					
An Líon Ionad Cóireála Uisce	Ní hé.	Astarraingtí SU	Ní hé.	Astarraingtí UD	Ní hé.
Uasghrádú (CU amháin)	3	Méadú	5	Méadú	0
Uasghrádú (Acmhainn & CU)	7	Coimeád	5	Coimeád	1
Díchoimisiúnú	10	Díchoimisiúnú	5	Díchoimisiúnú	4
Nua	0	Nua	2	Nua	0
<p>Cuimsítear sa Chur Chuige Roghnaithe (CCR) do LS1 deich (10) rogha CAU agus dhá (2) Rogha Ghrúpáilte LS. Ba éard a bhí i gceist leis na Roghanna Grúpáilte LS:</p> <ul style="list-style-type: none"> cuíchóiriú CAU EachronaÁ-th na Cora agus CAU Bhaile Mhuirís le CAU an Inbhir Mhóir. Teastaíonn ó rogha seo astarraingt SU mhéadaithe ag páirc toibreacha atá ann cheana ag Droichead an Adhmaid, uasghrádú ar ICU an Inbhir Mhóir-an Bhaile Dhuibh, stóráil nua agus thart ar 13km de líonra nua/uasghrádaithe. 6 CAU a chuíchóiriú le ICU Fheartraí i LS9, ag feabhsú na hathléimneachta trí idircheangail. Abhóca/na Claise, an Chrois Dhearg/Conary, Buaile an tSeiscinn, Ráth Droma. An Láithreach/Áth na mBóLaragh Annamoe, an Bhearn Dhearg. Leis an rogha sin teastóidh caidéal nua agus thart ar 48km de líonra nua/uasghradaithe chun na CAUnna a cheangal agus an soláthar breise a éascú. <p>Soláthraítear leis an gCur Chuige Roghnaithe tairbhí timpeallachta trí astarraingtí atá ann cheana ó Shruth Ghleann an Mhuilinn agus fo-abhainn Abhainn Bheag a dhíchoimisiúnú. D'fhéadfadh sé nach gcomhlíonfaidh na hastarraingtí sin treoirlínte inbhuanaitheachta.</p> <p>Cuimsítear leis an gCur Chuige Roghnaithe bainistíocht leanúnach ligin trínár gClár Náisiúnta um Laghdú Ligin. Leis an gCur Chuige Tosaíochta a chur i gcrích cosnófar na soláthairtí go léir sa réimse maidir le Cáilíocht, Cainníocht, Inbhuanaitheacht agus Dianseasmhacht.</p>					


Limistéar Staidéir 1



*Is iad TG4-LSX-00X na Cóid Rogha a shanntar do gach rogha. Tá cur síos ar gach rogha le fáil i dTábla 5.9 d' Aguisíní Teicniúla 1-9.

7.5.2 Limistéar Staidéir 2– Cill Mhantáin Thiar


Limistéar Staidéir 2					
Líon na CAUnna	Tá LS2 agus tá suite sé laistigh de chontaetha Cheatharlach, Chill Dara agus Chill Mhantáin, agus clúdaítear ann achar iomlán thart ar 545 km ² . Is é thart ar 6,800 daonra an Limistéir Staidéir.				
12	Is iad na Príomhlonnaíochtaí Bealach Conglais, Dún Luáin, Dún Ard, Baile Haicéid, Áth na Sráide, Baile an Chnocáin agus Cnoc an Eanaigh.				
	Tá an Ionnaíocht is mó i mBealach Conglais, le daonra 2, 200.				
An Córas Soláthair Reatha					
ICUnna	Ní hé.	Cineál Foinse Uisce	Ní hé.	Easnamh Soláthair	m ³ .lá
ICU atá ann cheana	12	Screamhuisce	11	DYCP 2019	1,278
ICU le Riosca Ard	11	Uisce Dromchla	1	DYCP 2044	1,510
Achoimre ar an gCur Chuige Roghnaithe					
An Líon Ionad Cóireála Uisce	Ní hé.	Astarraingtí SU	Ní hé.	Astarraingt UD	Ní hé.
Uasghrádú (CU amháin)	2	Méadú	5	Méadú	0
Uasghrádú (Acmhainn & CU)	7	Coimeád	4	Coimeád	0
Díchoimisiúnú	3	Díchoimisiúnú	2	Díchoimisiúnú	1
Nua	0	Nua	2	Nua	0
<p>Is éard atá i gceist leis an gCur Chuige Roghnaithe do LS2 soláthairtí áitiúla CAU do dheich (10) gcinn den dáréag (12) CAU sa Limistéar Staidéir. Áirítear leis sin nasc nua ag ICU Ráth Bhile (i LS6) agus díchoimisiúnú ICU Bhaile Haicéid.</p> <p>Tá rogha ghrúpáile LS amháin (1) beartaithe do dhá (2) CAU, Dún Luain agus Cillín Chaoimhnín. Baineann sé sin le dhá CAU a chuíchóiriú le ICU an Bhaile Mhóir (LS9) trí nasc nua le mór-phríomhphíobhán an Bhaile Mhóir – Shean-Chill Chuilinn. Cuimsítear sa rogha sin stáisiún caidéalúcháin nua, taiscumar seirbhíse agus thart ar 15km de líonra nua/uasghráithe.</p> <p>Cuimsítear leis an gCur Chuige Roghnaithe bainistíocht leanúnach ligin trinár gClár Náisiúnta um Laghdú Ligin.</p> <p>Leis an gCur Chuige Tosaíochta a chur i gcrích cosnófar na soláthairtí go léir sa réimse maidir le Cáilíocht, Cainníocht, Inbhuanaitheacht agus Dianseasmhacht.</p>					



*Is iad TG4-LSX-00X na Cóid Rogha a shanntar do gach rogha. Tá cur síos ar gach rogha le fáil i dTábla 5.9 d' Aguisíní Teicniúla 1-9

7.5.3 Limistéar Staidéir 3 – An Mhí


Limistéar Staidéir 3					
Líon na CAUnna	Tá LS3 suite laistigh de chontaetha an Chabháin, Lú, Fhine Gall, na hIarmhí agus na Mí, agus tá a achar iomlán LS3 thart ar 2,400 km ² . Is é thart ar 190,000 daonra an Limistéir Staidéir.				
11	Is iad na Príomhlonnaíochtaí Droichead Átha, Cill Dhéagláin, Baile an Lígh/Baile an Bhiataigh/Baile Uí Mhornáin/Domhnach Cearna/Ráth Tó/Baile Átha Troim/Ceanannas Mór/Damhliag/Baile Mhic Gormáin/Dún Seachlainn/Steach Maoilín/Coill an Chollaigh/Achadh an Iúir/Ceann Chlochair/Droichead Chearballáin agus Baile Shláine Is iad an Uaimh, Droichead Átha, Baile an Lígh-Baile an Bhiataigh-Baile Uí Mhornáin agus Cill Dhéagláin na príomhlonnaíochtaí ina bhfuil níos mó ná 10,000 duine iontu.				
An Córas Soláthair Reatha					
ICUnna	Ní hé.	Cineál Foinse Uisce	Ní hé.	Easnamh Soláthair	m ³ .lá
ICU atá ann cheana	19	Screamhuisce	13	DYCP 2019	18,155
ICU le Riosca Ard	18	Uisce Dromchla	7	DYCP 2044	26,013
Achoimre ar an gCur Chuige Roghnaithe					
An Líon Ionad Cóireála Uisce	Ní hé.	Astarraingtí SU	Ní hé.	Astarraingt UD	Ní hé.
Uasghrádú (CU amháin)	6	Méadú	1	Méadú	0
Uasghrádú (Acmhainn & CU)	2	Coimeád	6	Coimeád	2
Díchoimisiúnú	11	Díchoimisiúnú	6	Díchoimisiúnú	5
Nua	1	Nua	2	Nua	0
<p>Is éard atá i gceist leis an gCur Chuige Roghnaithe do LS2 soláthairtí áitiúla CAU do cheithre (4) cinn de na CAUnna sa Limistéar Staidéir.</p> <p>Réitíonn Rogha Ghrúpáilte LS aonair an t-easnamh le haghaidh seacht (7) gcinn de na CAUanna, is iad sin CAU Bhaile Átha Bhuí, Bhaile Íomhair, Ceanannais-an tSeanchaisleáin, Chill Mheasáin, na hUaimhe-Lár na Mí, Lú Theas agus na Mí Thoir, agus Bhaile Átha Troim. Baineann sé sin le hidircheangal feabhsaithe idir an CAUnna, agus soláthar ó Fhoinse Nua na Sionainne. Beidh gá le stórais nua, caidél nua agus príomhlíonra uisce de thart ar 154km mar chuid den rogha sin.</p> <p>Soláthraítear leis an gCur Chuige Roghnaithe tairbhí timpeallachta trí astarraingtí atá ann cheana ón mBóinn ag ICU Lios Cartúin agus ó Loch Bán a dhíchoimisiúnú. D'fhéadfadh sé nach gcomhlíonfaidh na hastarraingtí sin treoirlínte inbhuanaitheachta.</p> <p>Cuimsítear glanlaghdú ligin 356 m³/lá chun bogadh i dtreo Sprioc Náisiúnta LLIE faoi 2034.</p> <p>Leis an gCur Chuige Tosaíochta a chur i gcrích cosnófar na soláthairtí go léir sa réimse maidir le Cáilíocht, Cainníocht, Inbhuanaitheacht agus Dianseasmhacht.</p>					



* Is iad TG4-LSX-00X na Cóid Rogha a shanntar do gach rogha. Tá cur síos ar gach rogha le fáil i dTábla 5.9 d' Aguisíní Teicniúla 1-9.

7.5.4 Limistéar Staidéir 4 – An Iarmhí

Limistéar Staidéir 4					
